**Leasú 1**
**Joachim Kuhs, Valentino Grant**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0250/2022**
**José Manuel Fernandes, Valérie Hayer**
An straitéis iasachtaíochta chun Next Generation EU a mhaoiniú
(2021/2076(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3a. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tháinig ardú 2.63 % ar rátaí úis ar ceant bannaí an Choimisiúin is déanaí, i gcomparáid le 0.3 % i mí na Samhna 2020;*** |

Or. en

16.11.2022 A9-0250/2

**Leasú 2**
**Joachim Kuhs**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0250/2022**
**José Manuel Fernandes, Valérie Hayer**
An straitéis iasachtaíochta chun Next Generation EU a mhaoiniú
(2021/2076(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 8**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 8. á thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le hiasachtaíocht bhliantúil agus leis na pleananna cistiúcháin leathbhliantúla, gur bhailigh an Coimisiún níos mó ná EUR 113 bhilliún ar na margaí airgeadais amhail ó mhí an Mheithimh 2021, lena n-áirítear EUR 23 bhilliún i bhfoirm bannaí glasa agus bannaí lena ngabhann aibíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha; ag tabhairt aird chuí ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil maidir leis an gcineál infheisteora ar a ndéantar an dáileadh agus an dáileadh geografach; á iarraidh go leanfar de chumarsáid thrédhearcach a dhéanamh maidir le dul chun cinn na gceantanna bannaí agus na sindeacáití; | 8. á thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le hiasachtaíocht bhliantúil agus leis na pleananna cistiúcháin leathbhliantúla, gur bhailigh an Coimisiún níos mó ná EUR 113 bhilliún ar na margaí airgeadais amhail ó mhí an Mheithimh 2021, lena n-áirítear EUR 23 bhilliún i bhfoirm bannaí glasa agus bannaí lena ngabhann aibíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha; ag tabhairt aird chuí ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil maidir leis an gcineál infheisteora ar a ndéantar an dáileadh agus an dáileadh geografach; ***á iarraidh ar an gCoimisiún céannachtaí ceannaitheoirí bannaí náisiúnach tríú tír, faisnéis maidir le hordú ceannaigh agus méideanna leithroinnte a nochtadh d'údaráis inniúla na mBallstát;*** á iarraidh go leanfar de chumarsáid thrédhearcach a dhéanamh maidir le dul chun cinn na gceantanna bannaí agus na sindeacáití; |

Or. en

**Leasú 3**
**Joachim Kuhs**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0250/2022**
**José Manuel Fernandes, Valérie Hayer**
An straitéis iasachtaíochta chun Next Generation EU a mhaoiniú
(2021/2076(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 22**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 22. á chreidiúint go daingean go ndéanfar rath NGEU, agus go háirithe inchreidteacht agus inbhuanaitheacht a mhaoinithe, a mheasúnú freisin i gcomórtas le cumas an Aontais an fiachas coiteann a aisíoc le hacmhainní dílse nua san earnáil comhshaoil agus chorparáideach, seachas le holl-ranníocaíochtaí ioncam-bhunaithe náisiúnta méadaithe ó na Ballstáit; | 22. á chreidiúint go daingean go ndéanfar rath NGEU, agus go háirithe inchreidteacht agus inbhuanaitheacht a mhaoinithe, a mheasúnú freisin i gcomórtas le cumas an Aontais an fiachas coiteann a aisíoc le hacmhainní dílse nua san earnáil comhshaoil agus chorparáideach, seachas le holl-ranníocaíochtaí ioncam-bhunaithe náisiúnta méadaithe ó na Ballstáit; ***á chur i bhfios nach dtiocfaidh na hacmhainní dílse nua i bhfeidhm in am chun aghaidh a thabhairt ar na srianta atá ann cheana féin ar bhuiséad 2023 a eascraíonn as costais úis EURI atá níos airde ná mar a tuaradh; á mheabhrú nach bhfuil ach ceann amháin de na hacmhainní dílse nua ag feidhmiú go hiomlán - acmhainn dhílis na bplaisteach;*** |

Or. en